Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 26 Meán Fómhair 2025
(OR. en)

13263/25

**Comhad Idirinstitiúideach:
2025/0294 (NLE)**

**ACP 89
WTO 82
COAFR 247
RELEX 1226**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 25 Meán Fómhair 2025 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2025) 532 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh<br>CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE<br>maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais laistigh de Chomhairle CCE, Coiste na nOifigeach Sinsearach agus Coiste Comhairleach CCE, arna mbunú faoin gComhaontú Comhpháirtíochta Eacnamaíche idir an tAontas Eorpach, de pháirt, agus Poblacht na Céinia, Comhalta de Chomhphobal na hAfraice Thoir, den pháirt eile, a mhéid a bhaineann leis na Rialacha Nós Imeachta a ghlacadh le haghaidh Choiste Comhairleach CCE, an moladh ó Choiste na nOifigeach Sinsearach chuig Comhairle CCE a ghlacadh maidir leis an rannpháirtíocht i gCoiste Comhairleach CEE, an cinneadh ó Chomhairle CCE a ghlacadh maidir leis an rannpháirtíocht i gCoiste Comhairleach CCE agus an cinneadh ó Choiste na nOifigeach Sinsearach a ghlacadh lena gcomhaontaítear Rialacha Nós Imeachta a ghlacadh le haghaidh Choiste Comhairleach CCE |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2025) 532 final.

---

Faoi iamh: COM(2025) 532 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 25.9.2025
COM(2025) 532 final

2025/0294 (NLE)

Togra le haghaidh

**CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais laistigh de Chomhairle CCE, Coiste na nOifigeach Sinsearach agus Coiste Comhairleach CCE, arna mbunú faoin gComhaontú Comhpháirtíochta Eacnamaíche idir an tAontas Eorpach, de pháirt, agus Poblacht na Céinia, Comhalta de Chomhphobal na hAfraice Thoir, den pháirt eile, a mhéid a bhaineann leis na Rialacha Nós Imeachta a ghlacadh le haghaidh Choiste Comhairleach CCE, an moladh ó Choiste na nOifigeach Sinsearach chuig Comhairle CCE a ghlacadh maidir leis an rannpháirtíocht i gCoiste Comhairleach CEE, an cinneadh ó Chomhairle CCE a ghlacadh maidir leis an rannpháirtíocht i gCoiste Comhairleach CCE agus an cinneadh ó Choiste na nOifigeach Sinsearach a ghlacadh lena gcomhaontaítear Rialacha Nós Imeachta a ghlacadh le haghaidh Choiste Comhairleach CCE**

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. ÁBHAR AN TOGRA

Baineann an togra seo leis na cinntí lena leagtar síos an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais i dtrí chomhlacht de chuid an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta Eacnamaíche (CCE) idir an tAontas agus an Chéinia — Comhairle CCE, Coiste na nOifigeach Sinsearach agus Coiste Comhairleach CCE — i ndáil le Rialacha Nós Imeachta le haghaidh Choiste Comhairleach CCE a bhfuil sé beartaithe iad a ghlacadh; an moladh ó Choiste na nOifigeach Sinsearach chuig Comhairle CCE maidir leis an rannpháirtíocht i gCoiste Comhairleach CCE; an cinneadh ó Chomhairle CCE maidir leis an rannpháirtíocht i gCoiste Comhairleach CCE; an cinneadh ó Choiste na nOifigeach Sinsearach lena gcomhaontaítear Rialacha Nós Imeachta Choiste Comhairleach CCE a ghlacadh.

**Comhthéacs an togra**

### 1.1. Comhaontú Comhpháirtíochta Eacnamaíche idir an tAontas agus an Chéinia

Is é is aidhm don Chomhaontú Comhpháirtíochta Eacnamaíche (CCE) idir an tAontas Eorpach, de pháirt, agus Poblacht na Céinia, Comhalta de Chomhphobal na hAfraice Thoir (EAC), den pháirt eile ('an Comhaontú'), CCE AE-EAC a tugadh i gcrích in 2014, agus nár tháinig i bhfeidhm riamh toisc nár shínigh agus nár dhaingnigh Ballstáit uile EAC é a chur chun feidhme go déthaobhach. Leis an gComhaontú Comhpháirtíochta Eacnamaíche idir an tAontas agus an Chéinia, déantar foráil maidir le léirscaoileadh trádála neamhshiméadrach earraí agus maidir le forálacha i ndáil le forbairt inbhuanaithe agus comhar um fhorbairt. Tháinig an Comhaontú i bhfeidhm an 1 Iúil 2024.

### 1.2. Comhairle CCE, Coiste na nOifigeach Sinsearach agus Coiste Comhairleach CCE

Le hAirteagal 104 den Chomhaontú, bunaíodh Comhairle CCE (an comhlacht is airde), agus foráiltear le hAirteagal 105(3) go n-áireofar ar a feidhmeanna 'a rialacha nós imeachta féin a chinneadh'. I gcomhréir le hAirteagal 105(3) agus Airteagal 120 den Chomhaontú, glacfaidh Comhairle CCE na Rialacha Nós Imeachta maidir le Réiteach Díospóidí agus an Cód Iompair d'Eadránaithe agus d'Idirghabhálaithe. Ghlac an Chomhairle iad araon an 6 Bealtaine 2025.

Bunaítear Coiste na nOifigeach Sinsearach le hAirteagal 106 den Chomhaontú chun cuidiú leis an gComhairle a feidhmeanna a chomhlíonadh agus foráiltear le hAirteagal 107(3) go n-áireofar ar a fheidhmeanna 'a rialacha nós imeachta féin a chinneadh', arna nglacadh ag an gComhairle freisin an 6 Bealtaine 2025.

Bunaítear Coiste Comhairleach CCE le hAirteagal 108 den Chomhaontú agus é mar chúram air cúnamh a thabhairt do Choiste na nOifigeach Sinsearach chun idirphlé agus comhar a chur chun cinn idir ionadaithe ón earnáil phríobháideach, eagraíochtaí na sochaí sibhialta, lena n-áirítear an pobal acadúil, agus comhpháirtithe sóisialta agus eacnamaíocha, maidir leis na hábhair uile a chumhdaítear faoin gComhaontú seo. De bhun Airteagal 108(2) den Chomhaontú, cinnfidh Comhairle CEE rannpháirtíocht i gCoiste Comhairleach CCE, ar mholtaí a fháil ó Choiste na nOifigeach Sinsearach, d'fhonn ionadaíocht leathan na bpáirtithe leasmhara uile a áirithiú. Foráiltear le hAirteagal 108(4) den Chomhaontú 'glacfaidh Coiste Comhairleach CCE lena chuid rialacha nós imeachta [...] i gcomhaontú le Coiste na nOifigeach Sinsearach.'

### 1.3. Gníomhartha Comhairle CCE, Choiste na nOifigeach Sinsearach agus Choiste Comhairleach CCE atá beartaithe

Comhairle CCE, Coiste na nOifigeach Sinsearach agus Coiste Comhairleach CCE, tá siad leis na cinntí agus an moladh seo a leanas a ghlacadh:

1. An moladh ó Choiste na nOifigeach Sinsearach chuig Comhairle CCE maidir leis an rannpháirtíocht i gCoiste Comhairleach CCE;
2. An cinneadh ó Chomhairle CCE maidir leis an rannpháirtíocht i gCoiste Comhairleach CCE;
3. An cinneadh ó Choiste na nOifigeach Sinsearach lena gcomhaontaítear Rialacha Nós Imeachta Choiste Comhairleach CCE a ghlacadh;
4. Cinneadh ón Choiste Comhairleach CCE lena nglactar a Rialacha Nós Imeachta féin.

## 2. AN SEASAMH ATÁ LE GLACADH THAR CEANN AN AONTAIS

Leis an togra seo le haghaidh Cinneadh ón gComhairle, leagtar síos an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais i gComhairle CCE, i gCoiste na nOifigeach Sinsearach agus i gCoiste Chomhairleach CCE arna bhunú leis an gComhaontú, maidir leis an méid seo a leanas a ghlacadh: Rialacha Nós Imeachta do Choiste Comhairleach CCE; an moladh ó Choiste na nOifigeach Sinsearach chuig Comhairle CCE maidir leis an rannpháirtíocht i gCoiste Comhairleach CCE; an cinneadh ó Chomhairle CCE maidir leis an rannpháirtíocht i gCoiste Comhairleach CCE agus an cinneadh ó Choiste na nOifigeach Sinsearach lena gcomhaontaítear Rialacha Nós Imeachta Choiste Comhairleach CCE a ghlacadh.

Phléigh na Páirtithe sa Chomhaontú na rialacha nós imeachta sin agus na dréachtchinntí agus an dréachtmholadh thuasluaite ó Chomhairle CCE agus ó Choiste na nOifigeach Sinsearach agus chomhaontaigh siad, faoi réir nósanna imeachta cinnteoireachta na bPáirtithe, gur cheart iad sin a ghlacadh go pras chun go gcuirfear an Comhaontú chun feidhme go rianúil.

Tá substaint na Rialacha Nós Imeachta atá i gceangal leis seo cosúil le substaint rialacha nós imeachta Comhaontuithe Comhpháirtíochta Eacnamaíche eile nó comhaontuithe trádála eile. An moladh atá i gceangal leis seo ó Choiste na nOifigeach Sinsearach chuig Comhairle CCE maidir leis an rannpháirtíocht i gCoiste Comhairleach CCE agus an cinneadh a ghabhann leis seo ó Chomhairle CCE ina leith sin, ceanglaítear iad le hAirteagal 108(2) den Chomhaontú. An cinneadh atá i gceangal leis seo ó Choiste na nOifigeach Sinsearach lena gcomhaontaítear Rialacha Nós Imeachta Choiste Comhairleach CCE a ghlacadh, ceanglaítear é le hAirteagal 108(4) den Chomhaontú.

Tá Rialacha Nós Imeachta CCE ríthábhachtach chun creat institiúideach an Chomhaontaithe a chur i gcrích agus, dá bhrí sin, chun a áirithiú go gcuirfear chun feidhme go rianúil é. Na cinntí maidir leis an rannpháirtíocht i gCoiste Comhairleach CEE agus an comhaontú maidir lena Rialacha Nós Imeachta a ghlacadh, tá siad ríthábhachtach chun a áirithiú go bhfeidhmeoidh sé.

## 3. AN BUNÚS DLÍ

### 3.1. Bunús dlí don nós imeachta

#### *3.1.1. Prionsabail*

In Airteagal 218(9) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) déantar foráil maidir le cinntí lena mbunaítear '*na seasaimh a ghlacfar thar ceann an Aontais i gcomhlacht*

*arna chur ar bun le comhaontú, nuair a iarrtar ar an gcomhlacht sin gníomhartha a ghlacadh a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo, seachas gníomhartha lena bhforlíonfar nó lena leasófar creat institiúideach an chomhaontaithe*.'

Thairis sin, cuimsítear sa choincheap '*gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo*' gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo de bhua na rialacha de chuid an dlí idirnáisiúnta lena rialaítear an comhlacht atá i gceist. Cuimsítear ann freisin ionstraimí nach bhfuil éifeacht cheangailteach leo faoin dlí idirnáisiúnta, ach a d'fhéadfadh '*tionchar cinntitheach a imirt ar inneachar na reachtaíochta a ghlacfaidh reachtóir an Aontais Eorpaigh*'[1]. Ar deireadh, áirítear leis an gcoincheap 'gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo' gníomhartha de chineál eagraíochtúil a imríonn tionchar ar an gcaoi a ndéantar cinntí laistigh den chomhlacht, mar shampla má ghlacann nó má mhodhnaíonn comhlacht a bhfuil cumhachtaí cinnteoireachta aige a chuid rialacha nós imeachta.

*3.1.2. Feidhm maidir leis an gcás seo*

Is comhlachtaí iad Comhairle CCE, Coiste na nOifigeach Sinsearach agus Coiste Comhairleach CCE a cuireadh ar bun le comhaontú, is é sin CCE idir an tAontas agus an Chéinia.

Is éard atá sna dréachtghníomhartha a iarrtar ar an trí choiste a ghlacadh, gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo toisc gur gníomhartha de chineál eagraíochtúil iad a imríonn tionchar ar an gcaoi a ndéantar cinntí laistigh de na comhlachtaí ábhartha. Beidh na gníomhartha atá beartaithe ceangailteach faoin dlí idirnáisiúnta i gcomhréir le hAirteagail 104, 105, 107 agus 108 den Chomhaontú.

Leis na gníomhartha atá beartaithe, ní dhéantar creat institiúideach an Chomhaontaithe a fhorlíonadh ná a leasú.

Dá bhrí sin, is é Airteagal 218(9) CFAE is bunús dlí nós imeachta don chinneadh atá beartaithe.

### 3.2. Bunús dlí substainteach

*3.2.1. Prionsabail*

An bunús dlí substainteach atá le cinneadh faoi Airteagal 218(9) CFAE, braitheann sé go príomha ar chuspóir agus ar inneachar an ghnímh atá beartaithe a nglacfar seasamh thar ceann an Aontais ina leith. Má shaothraítear dhá aidhm leis an ngníomh atá beartaithe nó má tá dhá chomhpháirt ann agus más féidir a shainaithint gur príomhaidhm nó príomh-chomhpháirt atá i gceann de na haidhmeanna nó de na comhpháirteanna sin, agus gan sa cheann eile ach aidhm nó comhpháirt theagmhasach, ní mór an cinneadh faoi Airteagal 218(9) CFAE a bhunú ar bhunús dlí substainteach aonair, is é sin an bunús dlí a cheanglaítear leis an bpríomhaidhm nó leis an bpríomh-chomhpháirt.

*3.2.2. Feidhm maidir leis an gcás seo*

Baineann príomhchuspóir agus príomhábhar na ngníomhartha atá beartaithe leis an gcomhbheartas tráchtála.

Dá bhrí sin, is í an chéad fhomhír d'Airteagal 207(4) CFAE an bunús dlí substainteach leis an gcinneadh atá beartaithe.

---

[1] Breithiúnas na Cúirte Breithiúnais an 7 Deireadh Fómhair 2014, an Ghearmáin v an Chomhairle, C-399/12, ECLI:EU:C:2014:2258, míreanna 61 go 64.

### 3.3. Conclúid

Is é an bunús dlí ba cheart a bheith leis an gcinneadh atá beartaithe Airteagal 207(4), an chéad fhomhír, i gcomhar le hAirteagal 218(9) CFAE.

## 4. FOILSIÚ NA NGNÍOMHARTHA ATÁ BEARTAITHE

Ós rud é nglacfaidh gníomhartha Chomhairle CCE, Choiste na nOifigeach Sinsearach agus Choiste Comhairleach CCE an moladh ó Choiste na nOifigeach Sinsearach agus an cinneadh ó Chomhairle CEE maidir leis an rannpháirtíocht i gCoiste Comhairleach CEE; an cinneadh lena gcomhaontaítear Rialacha Nós Imeachta Choiste Comhairleach CCE a ghlacadh agus na Rialacha Nós Imeachta a ghlacadh le haghaidh Choiste Comhairleach CCE, is iomchuí iad a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* i ndiaidh a nglactha.

2025/0294 (NLE)

Togra le haghaidh

**CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais laistigh de Chomhairle CCE, Coiste na nOifigeach Sinsearach agus Coiste Comhairleach CCE, arna mbunú faoin gComhaontú Comhpháirtíochta Eacnamaíche idir an tAontas Eorpach, de pháirt, agus Poblacht na Céinia, Comhalta de Chomhphobal na hAfraice Thoir, den pháirt eile, a mhéid a bhaineann leis na Rialacha Nós Imeachta a ghlacadh le haghaidh Choiste Comhairleach CCE, an moladh ó Choiste na nOifigeach Sinsearach chuig Comhairle CCE a ghlacadh maidir leis an rannpháirtíocht i gCoiste Comhairleach CEE, an cinneadh ó Chomhairle CCE a ghlacadh maidir leis an rannpháirtíocht i gCoiste Comhairleach CCE agus an cinneadh ó Choiste na nOifigeach Sinsearach a ghlacadh lena gcomhaontaítear Rialacha Nós Imeachta a ghlacadh le haghaidh Choiste Comhairleach CCE**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe an chéad fhomhír d'Airteagal 207(4) de, i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Leis seo, tháinig an Comhaontú Comhpháirtíochta Eacnamaíche (CCE) idir an tAontas Eorpach, de pháirt, agus Poblacht na Céinia, Comhalta de Chomhphobal na hAfraice Thoir, den pháirt eile ('an Comhaontú') i bhfeidhm an 1 Iúil 2024[2].

(2) De bhun Airteagail 104, 106 agus 108 den Chomhaontú, bunaítear Comhairle CCE, Coiste na nOifigeach Sinsearach agus Coiste Comhairleach CCE, faoi seach, ar theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe.

(3) De bhun Airteagal 108(2) den Chomhaontú, déanfaidh Comhairle CEE cinneadh maidir leis an rannpháirtíocht i gCoiste Comhairleach CCE, ar mholtaí a fháil ó Choiste na nOifigeach Sinsearach.

(4) De bhun Airteagal 108(4) den Chomhaontú, comhaontóidh Coiste na nOifigeach Sinsearach go nglacfaidh Coiste Comhairleach CCE Rialacha Nós Imeachta.

(5) De bhun Airteagal 108(4) den Chomhaontú, is é Coiste Comhairleach CCE a chinnfidh a Rialacha Nós Imeachta.

(6) Is iomchuí an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais laistigh de na trí choiste sin a bhunú, ós rud é go mbeidh éifeachtaí dlíthiúla san Aontas ag na cinntí lena mbunaítear Rialacha Nós Imeachta le haghaidh Choiste Comhairleach CCE, an moladh ó Choiste na nOifigeach Sinsearach chuig Comhairle CCE maidir leis an rannpháirtíocht i gCoiste Comhairleach CEE, an cinneadh ó Chomhairle CCE maidir leis an rannpháirtíocht i gCoiste Comhairleach CCE agus an cinneadh ó Choiste na

[2] Comhaontú Comhpháirtíochta Eacnamaíche idir an tAontas Eorpach, de pháirt, agus Poblacht na Céinia, Comhalta de Chomhphobal na hAfraice Thoir, den pháirt eile (IO L 2024/1648, 1.7.2024).

nOifigeach Sinsearach maidir lena chomhaontú Rialacha Nós Imeachta Choiste Comhairleach CCE a ghlacadh.

(7) Seasamh an Aontais laistigh de na trí choiste sin a mhéid a bhaineann le glacadh na Rialacha Nós Imeachta le haghaidh Choiste Comhairleach CCE, an moladh ó Choiste na nOifigeach Sinsearach chuig Comhairle CCE maidir leis an rannpháirtíocht i gCoiste Comhairleach CEE, an cinneadh ó Chomhairle CCE maidir leis an rannpháirtíocht i gCoiste Comhairleach CCE agus an cinneadh ó Choiste na nOifigeach Sinsearach maidir lena chomhaontú Rialacha Nós Imeachta Choiste Comhairleach CCE a ghlacadh, ba cheart é a bheith bunaithe ar na Dréachtchinntí faoi seach ó na trí choiste atá i gceangal leis an gCinneadh seo,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

An seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais laistigh de Choiste na nOifigeach Sinsearach, arna bhunú faoi Airteagal 106 den Chomhaontú Comhpháirtíochta Eacnamaíche idir an tAontas Eorpach, de pháirt, agus Poblacht na Céinia, Comhalta de Chomhphobal na hAfraice Thoir, den pháirt eile, i ndáil leis an moladh chuig Comhairle CCE maidir leis an rannpháirtíocht i gCoiste Comhairleach CEE, beidh sé bunaithe ar an Dréachtmholadh ó Choiste na nOifigeach Sinsearach atá i gceangal leis gCinneadh seo (Iarscríbhinn 1).

*Airteagal 2*

An seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais laistigh de Chomhairle CCE, arna bhunú faoi Airteagal 104 den Chomhaontú Comhpháirtíochta Eacnamaíche idir an tAontas Eorpach, de pháirt, agus Poblacht na Céinia, Comhalta de Chomhphobal na hAfraice Thoir, den pháirt eile, i ndáil leis an gcinneadh maidir leis an rannpháirtíocht i gCoiste Comhairleach CEE, beidh sé bunaithe ar an Dréachtchinneadh ó Chomhairle CCE atá i gceangal leis gCinneadh seo (Iarscríbhinn 2).

*Airteagal 3*

An seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais laistigh de Choiste na nOifigeach Sinsearach, arna bhunú faoi Airteagal 106 den Chomhaontú Comhpháirtíochta Eacnamaíche idir an tAontas Eorpach, de pháirt, agus Poblacht na Céinia, Comhalta de Chomhphobal na hAfraice Thoir, den pháirt eile, i ndáil leis an gcinneadh lena gcomhaontaítear Rialacha Nós Imeachta Choiste Comhairleach CCE a ghlacadh, beidh sé bunaithe ar an Dréachtchinneadh ó Choiste na nOifigeach Sinsearach atá i gceangal leis gCinneadh seo (Iarscríbhinn 3).

*Airteagal 4*

An seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais laistigh de Choiste Comhairleach CCE, arna bhunú faoi Airteagal 108 den Chomhaontú Comhpháirtíochta Eacnamaíche idir an tAontas Eorpach, de pháirt, agus Poblacht na Céinia, Comhalta de Chomhphobal na hAfraice Thoir, den pháirt eile, i ndáil lena Rialacha Nós Imeachta, beidh sé bunaithe ar an Dréachtchinneadh ó Choiste Comhairleach CCE atá i gceangal leis an gCinneadh seo (Iarscríbhinn 4).

*Airteagal 5*

Is chuig an gCoimisiún a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*